

LEITIR MEALLÁIN

117

An feadh sinnsear fada bhí Leitir Mealláin ag Loingseach Bhearna. San tsean-aimsir i bhfad amach ins na cianta bhí Loingseach i mBearna a raibh beirt mhac aige, Marcus agus Niocalás. Thug sé a cuid talmhan uilig do mhac acab. Thug sé dó Bearna, Leitir Mealláin, Cill-Chiaráin, Coill Sáile agus an méid talmhan a bhí aige ar fad. Thug sé airgead don mhac eile. Tháinig an lá nach raibh blas aige féin agus theastuigh airgead uaidh sul dá bhfuair sé bás.

D'iarr sé congamh ar an mac a dtug sé an t-airgead dó. Dubhairt sé sin, "má thug tú do chuid airgid domsa ní ceart duit a bheith dhá iarraidh aríst ach an fear a dtug tú do chuid dúthaighe dó is córa dhó airgead a thabhairt dhuit ná domsa nár thug tú dom ach an t-airgead." Chuir sé fios annsin ar an bhfear a dtug sé a chuid dúthaighe dó. Tháinig sé. "Má thug tú do chuid dúthaighe domsa" adeir sé, "níl mórán airgid agam.

118

An fear a dtug tú do chuid airgid dó nach chuige is cóir duit fios a chur ar airgead. Ní mórán airgid a fhéadas mise a bhaint as talamh." Níor thug ceachtar acab aon chongnamh dó. Bhain an t-athair a chaipín de annsin agus d'iarr sé ar Dhia agus ar an Maighdin Muire gan an darna mac a thigheacht ar an treibh aríst choidhchin. Níor tháinig aon darna mac ar an treibh go raibh a dtéarma thuas bhí beirt mhac ag Marcus an t-oighre deireannach a bhí i mBearna. Bhí daoine a raibh scanchus acab a rádh go raibh go raibh a dtéarma thuas nuair a rugadh an darna mac, an buachaill ab óige cailleadh é ina ghasúr an mac ba sine cailleadh leis an ngalra buidhe i nAifric é. Niocalás nó Marcus a bhíodh ar Loingseach Bhearna ariamh. Bhíodh Marcus i ndiaidh Niocláis agus Niocalás i ndiaidh Mharcuis.

8/5/1935.